

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 330



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

19 Meán Fómhair 2023

Clár

IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2023/C 330/01	Rátaí malairte an euro — 18 Meán Fómhair 2023	1
---------------	---	---

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2023/C 330/02	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11265 – DEUTSCHE BANK / MUNICH RE / WELTEC HOLDING JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	2
2023/C 330/03	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11216 – LIBERTY / ISD DUNAFERR) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ⁽¹⁾	4

GA

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro ⁽¹⁾

18 Meán Fómhair 2023

(2023/C 330/01)

1 euro =

Airgeadra			Ráta malairte		
Airgeadra			Ráta malairte		
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0663	CAD	dollar Cheanada	1,4400
JPY	yen na Seapáine	157,44	HKD	dollar Hong Cong	8,3386
DKK	krone na Danmhairge	7,4551	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,8067
GBP	punt steirling	0,86141	SGD	dollar Shingearpór	1,4551
SEK	krona na Sualainne	11,9872	KRW	won na Cóiré Theas	1 413,49
CHF	franc na hEilvéise	0,9564	ZAR	rand na hAfraice Theas	20,2948
ISK	króna na hÍoslainne	145,10	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,7796
NOK	krone na hIorua	11,5688	IDR	rupiah na hIndinéise	16 389,03
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	MYR	ringgit na Malaeisia	4,9999
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,406	PHP	peso na nOileán Filipíneach	60,534
HUF	forint na hUngáire	384,13	RUB	rúbal na Rúise	
PLN	zloty na Polainne	4,6383	THB	baht na Téalainne	38,072
RON	leu na Rómáine	4,9690	BRL	real na Brasaíle	5,1905
TRY	lira na Tuirce	28,8108	MXN	peso Mheicsiceo	18,2252
AUD	dollar na hAstráile	1,6575	INR	rúipí na hIndia	88,8295

⁽¹⁾ Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11265 – DEUTSCHE BANK / MUNICH RE / WELTEC HOLDING JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 330/02)

1. An 11 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- DWS Alternatives Global Limited ('DWS Alternatives', an Ríocht Aontaithe), ar cuid é de DWS Group GmbH & Co. KGaA ('DWS', an Ghearmáin), atá faoi rialú Deutsche Bank AG (an Ghearmáin),
- Münchener Rückversicherungs Gesellschaft Aktiengesellschaft in München ('MunichRe', an Ghearmáin),
- Weltec Holding GmbH ('Weltec', an Ghearmáin), atá faoi rialú Loft Holding GmbH ('an Ghearmáin').

Gheobhaidh DWS Alternatives agus MunichRe rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Weltec ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is cuideachta bainistíochta é DWS a bhfuil punann leathan infheistíochta aige, lena n-áirítear infheistíochtaí i sócmhainní bonneagair san Eoraip,
- Is cuideachta árachais é MunichRe atá gníomhach i slabhra luacha iomlán na réiteach maidir leis an athárachas, an ghnó árachais dhírigh agus an árachas ar riosca coimhdeach, agus i seirbhísí bainistithe sócmhainní chomh maith (MEAG Munich ERGO AssetManagement GmbH),
- Oibríonn Weltec monarchana bithgháis agus díolann sé a n-aschur, lena n-áirítear bithmheatán, leictreachas, teas agus leasachán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cas seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

⁽²⁾ IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11265 – DEUTSCHE BANK / MUNICH RE / WELTEC HOLDING JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11216 – LIBERTY / ISD DUNAFERR)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 330/03)

1. An 8 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Liberty Steel Central Europe ('LSCE') (an Ungáir), atá faoi rialú Liberty Steel Group ('Liberty') (an Ríocht Aontaithe),
- ISD Dunaferr Dunai Vasmű Zártkörűen Működő Részvénytársaság 'f.a.' ('ISD Dunaferr')(an Ungáir), agus ISD Kokszoló Kft. 'f.a.' ('ISD Kokszoló')(le chéile an 'Spriocghnóthas')

Beartaíonn Liberty rialú aonair a fháil ar an Spriocghnóthas ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Bainfeadh an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is grúpa domhanda cruach agus mianadóireachta í Liberty a sholáthraíonn réimse leathan táirgí cruach do réimse earnálacha, lena n-áirítear tógáil, ola agus gás, aerospáis, mótarfheithiclí, iarnród agus bonneagar,
- Is táirgeoir cruach comhtháite é ISD Dunaferr i Dunaújváros na hUngáire. Roimh na himeachtaí leachtaithe dócmhainneacha, bhí ISD Dunaferr gníomhach i monarú agus i ndíol táirgí galbhánaithe teorollta, fuar-rollta, agus teothumtha,
- Táirgeann ISD Kokszoló cóc foirnéise soinneáin chun an dá fhoirnéisí soinneáin de ISD Dunaferr a sholáthar.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cas seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11216 – LIBERTY / ISD DUNAFERR

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

⁽²⁾ IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)